4) An bhfuil léirmhíniú dlíthiúil agus cleachtas arna bhforbairt i mBallstát, ar dá réir go ndiúltaítear do cháiníocóir atá sonrasc acu i gcomhréir leis an Treoir maidir le CBL tairbhe a bhaint as an gceart chun CBL a asbhaint ar an bhforas nár ghníomhaigh sé le dícheall cuí le linn trádála toisc nár léirigh sé iompar lena bhféadfaí a chinneadh nach raibh a ghníomhaíocht teoranta do shonraisc a fháil a chomhlíonann na coinníollacha foirmiúla arna leagan síos, i gcomhréir leis na hAirteagail den Treoir maidir le CBL arna lua cheana agus le prionsabal na neodrachta fioscaí, ach thar aon rud eile, le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, lena gcuirtear, agus na forálacha sin á léirmhíniú, an dualgas cruthúnais ar an údarás cánach, fiú i gcás gur chuir an cáiníocóir na doiciméid go léir a bhaineann leis na hidirbhearta atá i gceist i gceangal leis agus gur dhiúltaigh an t-údarás cánach do thairiscintí eile chun fianaise arna soláthar ag an gcáiníocóir le linn na n-imeachtaí cánach?

5) I bhfianaise na n-Airteagal den Treoir maidir le CBL arna lua cheana agus bunphrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, an bhféadfaidh an cinneadh, arna ghlacadh i dtaca leis an dícheall cuí, nach raibh gníomhaíocht eacnamaíoch ar bith ar bun ag eisitheoir an tsonraisc, a mheas mar bheith ina fhíoras oibiachtúil, i gcás go measann an t-údarás cánach nár léiríodh cur i gcrích iarbhír (agus, dá bharr, fíor-láithreacht) idirbhirt eacnamaíoch — a bhí doiciméadaithe le sonraisc, conarthaí agus doiciméadacht cuntasaíochta tacaíochta eile, agus le comhfhreagras, agus a bhí cinntithe le ráitis ón ngnóthas stórasaithe agus ó stiúrthóir agus fostaí an cháiníocóra —, agus go mbunaíonn an t-údarás sin an tuairim sin go heisiach ar ráiteas stiúrthóir an ghnóthais is soláthróir lena séantar láithreacht an idirbhirt sin, gan a chur san áireamh na cúinsí ina ndearnadh an ráiteas, leasanna an té a rinne an ráiteas nó an fíoras, de réir na doiciméad i gcomhad an cháis, gur bhunaigh an té a rinne an ráiteas an gnóthas agus, de réir na faisnéise atá ar fáil, go raibh gníomhaire ag gníomhú ar a son?

6) An gcaithfear forálacha na Treorach maidir le CBL a bhaineann le CBL a asbhaint a léirmhíniú sa chaoi, i gcás go bhfaigheann an t-údarás cánach amach le linn na n-imeachtaí cánach, go bhfuil na hearraí a luaitear ar na sonraisc de thionscnamh an Chomhphobail agus go bhfuil an cáiníocóir an dara ball de shlabhra [soláthair], go bhfuil scéim na samhla sin — ag glacadh leis go bhfuil earraí de thionscnamh an Chomhphobail díolmhaithe ó CBL sa chaoi nach bhfuil an chéad cheannaitheoir Ungárach i dteideal CBL a asbhaint, nach bhfuil ach an dara ball den slabhra sin i dteideal amhlaidh a dhéanamh — mar fhíoras oibiachtúil leordhóthanach ann féin chun imghabháil cánach a léiriú, nó an bhfuil ar an údarás cánach a léiriú, sa chás sin, ar bhonn fíoras oibiachtúil, cén ball nó cén baill den slabhra a rinne imghabháil cánach, cén *modus operandi* ar úsáid sé nó siad, agus cé acu an raibh nó an bhféadfadh an cáiníocóir a bheith feasach faoin méid sin trí dhícheall cuí a fheidhmiú?

(1) IO 2006 L 347, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék (an Ungáir) an 11 Lúnasa 2022 — SB v Agrárminiszter**

**(Cás C-538/22)**

(2022/C 432/12)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SB

*Cosantóir:* Agrárminiszter

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An bhfuil cleachtas Ballstáit, ar dá réir, i gcomhréir leis an gcritéar arna leagan síos ag an mBallstát chun bheith incháilithe don tacaíocht, nuair atá an ráta breithe laonna a bhaintear amach do líon na n-ainmhithe arna ndearbhú níos ísle ná an ráta a éilítear agus a beartaíodh do na hainmhithe arna ndearbhú, nach mór diúltú go hiomlán don éileamh ar íocaíocht na tacaíochta cúpláilte maidir le táirgeadh bó diúil, fiú nuair a bhaineann líon níos ísle ainmhithe arna ndearbhú an ráta breithe laonna a éilítear amach, ó tharla gurb ionann céatadán níos ísle de bhreitheanna laonna ná mar a éilítear leis an reachtaíocht náisiúnta agus gan aon cheann de na hainmhithe arna ndearbhú a bheadh incháilithe, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin agus le coinníollacha maidir le híocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus tras-chomhlíonadh a dhiúltú nó a aistarraingt [1], nuair a chuirtear aithrisí 28 agus 31, Airteagal 2(1) pointí 16 agus 18, agus Airteagal 31(1) go (3) de san áireamh?

2) I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, an gcaithfear, sa chás seo, líon na n-ainmhithe incháilithe de réir bhrí Airteagal 2(1) pointe 18 agus Airteagal 30(3) den Rialachán sin a chinneadh, agus na ceanglais grádaithe agus comhréireachta a leagtar síos in aithrisí 28 agus 31 den Rialachán sin agus na hAirteagail de dhlí an Aontais arna lua sa chéad cheist a tharchuirtear á gcur san áireamh, nuair atá an céatadán de bhreitheanna laonna a bhaintear amach níos ísle ná an céatadán a éilítear leis an reachtaíocht náisiúnta:

   a) trí ainmhithe a rug amháin a áireamh mar ainmhithe incháilithe, nó

   b) trí na hainmhithe sin, a chomhdhéanann, i measc na n-ainmhithe arna ndearbhú, an grúpa ina shroichtear an ráta breithe laonna arna leagan síos sa reachtaíocht náisiúnta a áireamh mar ainmhithe incháilithe?

3) Ag féachaint d'Airteagal 30(3) agus d'Airteagal 31(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 agus don cheanglas comhréireachta a leagtar síos in aithris 31 de, an gcaithfear Airteagal 31(3) den Rialachán sin a léirmhíniú sa chaoi, chun bonn an phionóis a chinneadh, nach mór an cóimheas idir na hainmhithe comhlíontacha agus neamhchomhlíontacha, nó an cóimheas idir na hainmhithe arna ndearbhú agus comhlíontacha a ríomh, agus, thairis sin, nach mór an líon a fhaightear a mhéadú faoi 100 go fóill, mar chuid d'áireamh chéatadánach?

---

[1] IO 2014 L 181, lch. 48.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Okresný súd Bratislava II (an tSlóvaic) a taisceadh an 17 Lúnasa 2022 – INGSTEEL spol. s. r. o. v Úrad pre verejné obstarávanie**

**(Cás C-547/22)**

(2022/C 432/13)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Okresný súd Bratislava II

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* INGSTEEL spol. s. r. o.

*Cosantóir:* Úrad pre verejné obstarávanie